COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

GALWAY COUNTY COUNCIL

DRÉACHT-FHODHLITHE DO THRÁNNA, ÁRTHAIGH CAITHEAMH AIMSIRE AGUS D'ÁRTHAIGH UISCE PEARSANTA (FEITHICLÍ SCAIRDSCIÁLA)

Déanann Comhairle Chontae na Gaillimhe leis seo na Fodhlíthe seo a leanas do na tránna, urthránna, calaí, cuanta agus uiscí intíre a dtagraítear dóibh sna Fhodhlíthe seo mar aon leis an sceideal atá ceangailte leo, de bhun na gcumhachtaí atá bronnta air de réir Cuid 19 den Acht um Rialtais Áitiúil 2001, an Achta um Rialtais Áitiúil 2001(Fodhlíthe) Rialacháis 2006, an tAcht um Sábháilteacht Muirí 2005, an tAcht um Rialú Madraí 1986, de réir mar a leasaíodh é, an tAcht um Rialú Capaill 1996, na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintiúla)1878-1964 agus ar mhaithe le leas an phobail agus sábháilteacht phoiblí agus d'fhonn cosc a chur ar núis nó ar dhíobháil do dhaoine nó damáiste d'árthaigh uisce nó do mhaoin eile agus d'fhonn cosaint a thabhairt do limistéar oidhreachta nádúrtha agus do flóra agus fána.

I. (1) Fodhlíthe do Thránna, d'Árthaigh Caitheamh Aimsire agus d'Árthaigh Uisce Pearsanta (Feithiclí Scairdsciála) 2008 Chomhairle Chontae na Gaillimhe is teideal do na fodhlíthe seo.

(2) Beidh feidhm ag na Fodhlíthe seo ón gCéad Lá de 2008.

(3) Beidh feidhm ag na Fodhlíthe seo i rith na bliana mura ndéarfaí a mhalairt.

(4) Déantar Fodhlíthe Trá Chomhairle Chontae na Gaillimhe a rinneadh an 28 Aibreán 1997 a aisghairm leis seo.

II. Léirmhíniú

Beidh feidhm ag na sainmhínithe seo sna Fodhlíthe seo:-

(a) Ciallaíonn "An Chomhairle" Comhairle Chontae na Gaillimhe.

(b) Ciallaíonn "toiliú na Comhairle" cead na Comhairle i scríbhinn.

(c) Is í an chiall atá ag "Ceadúnas" ná sin ar cuireadh síos air i gCuid VI de na Fodhlíthe seo.

(d) Ciallaíonn "An tAcht" an tAcht um Rialtais Áitiúil 2001.

(e) Ciallaíonn "Duine Údaraithe" aon Mhaor Madraí, Maor Poiblí, Garda Trá nó Fostaí eile den Chomhairle a bhfuil feidhmeanna i ndáil leis na Fodhlíthe seo sanntha orthu nó atá ceaptha ar shlí eile chun críche alt 204 den Acht um Rialtais Áitiúil 2001 nó alt 17 den Acht um Shabháilteacht Mhuirí 2005.

(f) Is í an chiall atá ag "Urthrá" ná sin a sannadh air in Alt 1 den Acht Imeall Trágha1933.

(g) Ciallaíonn "Trá" an limistéar in aice leis an urthrá ina bhfuil cruachadh gainimh agus/nó clocha agus/nó scaineagán a d'fhéadfadh a bheith in uinéireacht phoiblí nó phríobháideach mar aon le gach limistéar atá tadhlach leis lena n-áirítear aon charnán, aill, carraigeacha, gaineamh nó dumhcha gainimh.

(h) Ciallaíonn "Árthach Uisce Pearsanta" árthach (ach amháin árthach caitheamh aimsire), atá níos lú ná 4 méadair ar fhad agus a úsáideann inneall dó inmheánaigh agus a bhfuil scairdchaidéal uisce aige mar phríomhfhoinse tiomána, agus atá deartha sa chaoi is go n-oibríonn duine nó daoine é atá ina s(h)uí air, ina s(h)seasamh air nó ar a (n)g(h)lúine air, in áit a bheith taobh istigh den chabhail.

(i) Ciallaíonn "Árthach Mearchumhachtaithe" árthach caitheamh aimsire (ach amháin árthach uisce pearsanta) a bhfuil a phríomhbhealach tiomána díorthaithe ó fhoinse cumhachta meicniúil agus a fhaigheann, nó atá in ann a fháil, luas tríd nó ar an uisce atá cothrom le nó níos mó ná 17 cnota, bíodh sé i mbun fearais eile a tharraingt nó ná bíodh, agus áirítear leis árthaigh ar féidir iad a thiomáint ar an talamh chomh maith leis an uisce.

(j) Ciallaíonn "Árthach cumhachtaithe" árthach caitheamh aimsire (ach amháin árthach uisce pearsanta), a bhfuil a phríomhbhealach tiomána díorthaithe ó fhoinse cumhachta meicniúil agus a fhaigheann, nó atá in ann a fháil, luas tríd nó ar an uisce, nach bhfuil níos mó ná 17 cnota, bíodh sé i mbun fearais eile a tharraingt nó ná bíodh.

(k) Is í an chiall atá ag "Gaireas Snámhachta Pearsanta Oiriúnach nó Seaicéad Tarrthála" ná an sainmhíniú atá sna Rialacháin Loingeas Ceannaíochta (Árthaigh Pleisiúir) (Seaicéid Tarrthála agus Feidhmiú) (Sábháilteacht) 2004.

(l) Ciallaíonn "Tonnchlár" clár a mbaintear úsáid as d'fonn tonnmharcaíocht a dhéanamh, ag baint úsáide as fuinneamh na dtonn mar bhealach tiomána.

(m) Ciallaíonn "Clár Seoil" clár a bhfuil seol ceangailte leis a ligeann don oibritheoir seoladh thar tonnta chomh maith le síos orthu.

(n) Ciallaíonn "clár Eitleoige" clár a mbaintear úsáid as do thonnmharcaíocht le heitleog, rud a ligeann don oibritheoir seoladh feadh tonnta chomh maith le síos orthu.

(o) Áirítear le "Snámh" bheith ar snámh, lapadáil nó a bheith san fharraige/san uisce ar bhealach eile chun críche pleisiúir.

(p) Ciallaíonn "Séasúr an tSamhraidh" mí an Mheithimh, mí Iúil, mí Lúnasa agus Mí Mheán Fómhair.

III. Achtanna a bhfuil Cosc orthu

Ní dhéanfaidh aon duine aon cheann de na gnímh seo ar an trá, nó ní bheidh sé ina údar dóibh:-

Díobháil

1. tine oscailte a lasadh (ach amháin in aonad iata, cosúil le beárbaiciú) ná aon rud a dhéanamh a d'fhéadfadh damáiste tine a dhéanamh

2. díobháil a dhéanamh d'fhéir, dumhcha gainimh, plandaí, toir, balla, ráille nó claí ar an trá nó feadh an trá

3. péinteáil, scríbhneoireacht, gearradh nó snoí a dhéanamh ar aon charraig, balla nó struchtúr, ná litreacha, figiúrí nó marcanna a ghreanadh

4. aon eangach, baoite, líne, bosca, trealamh iascaireachta, iasc, cré, cloch ná aon mhír bruscair de réir mar a shainmhínitear san Acht um Thruailliú Bruscair, 1997 í, mar a leasaíodh é, a fhágáil ar an trá

5. gaineamh, cloch, feamainn nó cré a bhaint as an trá, ach amháin de réir reachtaíochta agus le toiliú na Comhairle

6. cur isteach ar nó díobháil a dhéanamh d'aon bhaoi sábháilteacha, trealamh tarrthála, rópa, marcóir, bothán, cábán, gabhdán bruscair, comhartha, cuaille brataí, bratach nó clár eolais, ná d'aon rud eile atá curtha ar an trá ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ná ag Comhlacht Reachtúil eile.

7. Ainmhithe a adhlacadh ar an trá

Núis

8. a bheith ina údar núise, ina mhór-chrá nó contúirt do dhaoine ar an trá trí bheith ag imirt cluiche ar bhealach atá ina núis, ina mhór-chrá nó ina chontúirt

9. raidió, ceol nó uirlisí ceoil ard nó aimplithe a sheinnt ar bhealach a d'fhéadfadh a bheith ina núis

10. a bheith ina údar núise ná aon ghníomh a dhéanamh a d'fhéadfadh a bheith ina núis ar an trá.

Feithiclí/Pubaill/Páirceáil thar Oíche

11. aon mhótar-charr, gluaisrothar, veain, leantóir, veain campála, carbhán, baile soghluaiste, feithicil easbhóthair, carráiste, trucail, vaigín, leoraí, feithicil uile-thalún, cuadrothar nó feithicil eile atá faoi thiomáint mheicniúil a thiomáint ar an trá nó ar an gcóras dumhcha atá comhghabhálach leis an trá, a thabhairt ann, a chur air, a fhágáil ann nó a pháirceáil, nó páirceáil thar oíche ar bhóthar nó ag carr-chlós ag an trá.

    Ní bheidh feidhm ag an bhfodhlí seo d'fheithicil atá á fheidhmiú faoi cheadúnas ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, ag an gComhairle nó ag a gníomhairí, Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí, An Garda Síochána, na Buanfhorsaí Cosanta, Cosaint Shibhialta, Garda Chósta na hÉireann, an tSeirbhís Tarrthála Intíre nó seirbhísí tarrthála aitheanta, Custam agus Mál, an Glacadóir Raice agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha.

12. aon phuball, carbhán, veain campála nó áitreabh sealadach eile a shuí nó a chur ann nó a chur in airde ar an trá, nó ar an gcóras dumhcha atá comhghabhálach leis an trá

Trádáil/Fruiliú/Fógraíocht

13. aon chlár fógraíochta, plaiceard, earra, marsantacht a thaispeáint, ná aon cheol aimplithe a sheinnt ar an trá ná aon eachtra phoiblí, spóirtiúil nó tráchtála a eagrú nó a reáchtáil ar an trá, ach amháin le toiliú na Comhairle.

14. ach amháin de réir ceadúnais atá eisithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, díol nó fruiliú nó teagasc nó ceachtanna a thairiscint nó tairiscint díola nó fruilithe a dhéanamh nó aon rud a chur ar an trá chun críche díola nó fruilithe lena n-áirítear: both, seastán, stalla, cathaoir, bád rotha, bád, cadhc, canú, clár toinne, clár toinne sciála, clár seoil, lilo, seolta, trealamh, árthach uisce pearsanta nó árthach uisce ar bith eile nó aon tráchtearra nó rud ar bith eile

15. ach amháin de réir ceadúnais atá eisithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe díol nó fruiliú nó díol nó fruiliú a thairiscint nó trealamh súgartha do pháistí a thabhairt ar an trá chun críche díola nó fruilithe, lena n-áirítear:

    caisleán preabtha, marcaíochtaí pónaí, bréagáin nó airteagail inséidte le haghaidh a n-úsáide ar an uisce, trampailíní, cuadrothair, cairtíni nó earra súgartha ar bith

Tá Forálacha Airteagail 14 agus 15 i dteannta aon riachtanas faoin Acht Corr-Thrádála 1995 nó Fodhlíthe faoin gcéanna.

Ainmhithe

Beidh cosc ar:

16. aon chapall, capaillín, asal, miúil nó aon ainmhí eile den chineál sin a thabhairt ná a mharcú ná é a ní ná a thiomáint ná a chinnir go dtí an trá

17. Idir na huaireanta 11rn agus 7in i rith Séasúr an tSamhraidh beidh sé toirmiscthe aon ghadhar a thabhairt go dtí na tránna atá liostáilte i Sceideal 1 de na Fodhlíthe seo.

    Is féidir gadhar a thabhairt ar na tránna roimh 11rn agus tar éis 7in i rith séasúr an tsamhraidh ar choinníoll go bhfuil:
    - An gadhar ar iall;
    - Nach bhfuil sé ina údar crá, contúirte nó núise d'aon duine atá ag úsáid na trá ná ag déanamh imní, ag dul sa tóir, ag gortú nó ag cur isteach ar aon ainmhí, éan ná créatúr eile.

    (Nóta – De réir an tAcht um Thruailliú ó Bhruscair 1997, sa chás go bhfuil faecas fágtha ag gadhar ar thrá, bainfidh an duine atá i gceannas ar an ngadhar an faecas as láithreach agus cinnteoidh sé/sé go ndiúscrófaí é i gceart é ar bhealach atá cóir agus sláintíoch)

    Tá gadhair daill, gadhair atá coinnithe ag An Garda Síochána agus atá faoi smacht ag ball den Gharda Síochána agus é nó í i mbun a d(h)ualgas agus gadhair atá coinnithe ag an Seirbhís Custam agus Mál agus atá faoi smacht ball den Seirbhís Custam agus Mál agus é nó í i mbun a d(h)ualgas díolmhaithe ón bhfodhlí seo.

    Scannánaíocht

18. Ní dhéanfaidh aon duine scannán ar bhonn tráchtála ar thrá ach amháin le toiliú na Comhairle agus faoi réir ag téarmaí agus ag coinníollacha a leithéid de thoiliú.

IV. Árthach Uisce Pearsanta (Trealamh Scairdsciála), Árthach Mearchumhachtaithe, Árthach Cumhachtaithe

1. I rith Séasúr an tSamhraidh, tá cosc ar lainseáil nó ar úsáid árthaigh uisce pearsanta (Trealamh Scairdsciála) nó árthaigh mearchumhachtaithe laistigh de 200 méadair ar thaobh na farraige den chothrom díthrá ar na tránna atá liostáilte ar Sceideal 1, ach amháin chun críche tarrthála.

2. I rith Séasúr an tSamhraidh, comhlíonfaidh oibritheoirí árthaí nach árthaí pearsanta uisce iad (Trealamh Scairdsciála) nó árthaí mearchumhachtaithe srianadh luais de 5 cnota ó líne an uisce go dtí 200m ar thaobh na farraige ar gach trá atá liostáilte ar Sceideal 1 agus ní fheidhmeoidh siad i ngaireacht snámhóirí, ach amháin i gcás éigeandála.

3. Gníomhóidh gach duine atá i gceannas ar árthach pearsanta uisce nó árthach mearchumhachtaithe nó árthach cumhachtaithe ar bhealach nach mbeidh ina chrá d'aon duine eile atá i mbun gníomhaíochtaí eile uisce nó ina shuaitheadh do flóra nó d'fhána a bhíonn ann go nádúrtha.

4. Tá cosc ar lainseáil nó ar úsáid árthaigh pearsanta uisce (Trealamh Scairdsciála), árthach mearchumhachtaithe nó clár eitleoige ar loch Bhaile Locha Riach i rith na bliana ar fad.

5. Tá cosc ar lainseáil nó ar úsáid árthaigh pearsanta uisce (Trealamh Scairdsciála) ar aon pháirt de Loch na Coiribe i limistéar riaracháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe i rith na bliana ar fad.

6 Tá cosc ar lainseáil nó ar úsáid árthaigh pearsanta uisce (Trealamh Scairdsciála) agus árthach mearchumhachtaithe ar aon pháirt de Loch Measca i limistéar riaracháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe i rith na bliana ar fad.

7. Beidh úsáid árthach mearchumhachtaithe agus trealamh sciála ar aon pháirt de Loch na Coiribe i limistéar riaracháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe srianta don phríomhsheolbhealach agus comhlíonfaidh sé le srianadh luais de 5 chnota laistigh de 0.5 cm de lomán carraige, oileáin nó den líne chladaigh.

8. Comhlíonfaidh oibritheoirí árthaigh uisce pearsanta (Trealamh Scairdsciála) agus árthaigh mearchumhachtaithe srianadh luais de 6 chnota laistigh de 200m in aon treo ó na calaí/cuanta atá liostáilte i Sceideal 1.

9. Comhlíonfaidh duine atá i gceannas ar nó ag úsáid aon árthach uisce ar aon bhealach le haon dlí nó rialachán atá i bhfeidhm i ndáil le gaireas snámhachta pearsanta nó seaicéad tarrthála a chaitheamh.

10. Ní mór do gach duine a thugann árthach uisce pearsanta nó árthach mearchumhachtaithe go dtí an trá é a bhaint as ón trá má thugann duine údaraithe a leithéid do treoir dó nó di.

11. Ní chuirfidh na Fodhlíthe seo srianadh ar aon ghníomhaireacht Stáit maidir lena cumhachtaí reachtúla a fheidhmiú agus ní bhainfidh siad le hárthaí atá á gcoinneáil ag Garda Cósta na hÉireann, an RNLI, an tSeirbhís Tarrthála Cois Cladaigh, na Buanfhorsaí Cosanta, na Seirbhísí Cabhlaigh, an tSeirbhís Custam agus Mál, an Bord Iascaigh Réigiúnach, An Garda Síochána, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Cosaint Shibhialta nó seirbhísí tarrthála aitheanta eile agus iad á n-úsáid go hiomlán ag fostaí nó ag ball de na heagraíochtaí nó na seirbhísí sin agus é nó í ar dualgas.

V. Tonnchláir/Seolchláir/Cláir Eitleoige/Canúnna/Cadhcanna/Báid Seoil

1. I rith séasúr an tSamhraidh ní dhéanfaidh aon duine clárseoltóireacht gaoithe ar chláir seoil nó clárseoltóireacht eitleoige ar chláir eitleoige nó úsáid a bhaint as bád, canú, trealamh sciála nó cadhc i ngaireacht snámhóirí.

2. I rith séasúr an tSamhraidh ní thairgfidh aon duine, ach amháin le toiliú na Comhairle, teagasc i gclárseoltóireacht nó in aon ghníomhaíocht/spórt uisce eile ar aon thrá nó san fharraige i ngaireacht snámhóirí mura ndéantar é de réir na gcaighdeán a n-eisíonn Sábháilteacht Uisce na hÉireann agus/nó aon chomhlacht eile atá aitheanta ag an gComhairle d'fhonn a leithéid de chaighdeáin a eisiúint.

3. I rith séasúr an tSamhraidh, ní fheistfidh aon duine bád nó árthach eile san uisce nó ar an trá ar bhealach a chuirfeadh snámhóirí nó iad siúd atá i mbun gníomhaíochtaí eile uisce i gcontúirt.

VI. Bronnadh Ceadúnais

1. Féadfaidh an Chomhairle dá rogha féin amháin ceadúnas a bhronnadh, faoi réir ag coinníollacha a mheasann an Chomhairle a bheith cóir, d'úsáid páirt nó páirteanna den trá chun críche aon rud nó mír a chur air chun críche díola nó fruilithe lena n-áirítear both, seastán, stalla, bád rotha, bád, cadhc, canú, clár toinne, clár toinne sciála, clár seoil, lilo, árthach calaidh nó trealamh nó d'eagrú nó reáchtáil eachtra phoiblí, spóirtiúil nó tráchtála. Beidh sé ina chion a leithéid de rud a dhéanamh gan cheadúnas.

2. Tabharfaidh duine a dhéanann iarratas don Chomhairle ar cheadúnas ar aird don Chomhairle an t-eolas atá iarrtha ar an bhfoirm iarratais mar aon lena leithéid d'eolas eile is a d'fhéadfadh an Chomhairle a iarradh chun críche feidhmiú a cumhachtaí agus a feidhmeanna faoina bhFodhlíthe seo, lena n-áirítear polasaí bailí árachais do dhliteanas poiblí.

3. Agus ceadúnas a bheith bronnta, íocfaidh an t-iarratasóir táille ceadúnais de €80 in aghaidh an mhéadair cearnaigh do shéasúr an tSamhraidh nó d'aon chuid den séasúr a bhfuil an ceadúnas bronnta air, faoi réir ag íocaíocht íosta de €240. Tá an foráil seo sa bhreis ar aon riachtanas faoin Acht Corr Thrádála 1995 nó Fodhlíthe faoi sin.

4. Ní shaorfaidh ceadúnas a bhronnann an Chomhairle aon duine a bhfuil a leithéid de cheadúnas bronnta air nó uirthí ó fhreagracht phearsanta nó ó dhliteanas maidir le haon ghníomh nó faillí coiriúil, neamhdhleathach, éagórach nó neamartach a d'fhéadfadh a leithéid de dhuine a agairt nó a chúiseamh ina leith ag aon am.

5. Ní mheasfar ar aon bhealach go luafar nó go ndéanfar ceangal idir an Chomhairle, a fostaithe nó a gníomhairí le haon dliteanais nó freagracht i ndáil le haon ghníomh nó faillí coiriúil, neamhdhleathach, éagórach nó neamartach a dhéanann

aon duine a bhfuil a leithéid de cheadúnas bronnta air nó uirthi nó a dhéanann a seirbhísigh nó a ngníomhairí nó a bhfostaithe.

6. Féadfaidh an Chomhairle, trí fhógra a thabhairt i scríbhinn, na téarmaí agus aon choinníoll den cheadúnas atá eisithe a aisghairm, a athrú, a leasú nó a theorannú.

7. Forchoimeádann an Chomhairle di féin an ceart aon iarratas a dhiúltú. Féadfaidh iarratasóir achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh na Comhairle iarratas a dhiúltú trí scríobh ag an Stiúrthóir Seirbhísí a bhfuil an fheidhm ábhartha don ábhar atá i gceist tarmligthe dó, ag Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh.

VII. Daoine Údaraithe/Cionta

1. Beidh sé dleathach d'aon duine údaraithe nó do bhall den Gharda Síochána na fodhlíthe seo a fhorfheidhmiú agus aon ghníomh eile dá leithéid a dhéanamh a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun na Fodhlíthe seo a fhorfheidhmiú.

2. Féadfaidh duine údaraithe iarradh ar aon duine a bhfuil an cuma air nó uirthi go bhfuil sé nó sí ag sárú foráil de na Fodhlíthe seo staonadh óna leithéid de ghníomhaíocht.

3. Sa chás go bhfuil amhras réasúnta ar bhall den Gharda Síochána go bhfuil duine i mbun ciona nó go bhfuil cion déanta aige nó aici i ndáil leis na Fodhlíthe seo, féadfaidh an ball den Gharda Síochána an duine a ghabháil gan barántas.

4. Beidh duine a chuireann bac nó cosc ar dhuine údaraithe nó ar bhall den Gharda Síochána atá ag gníomhú i gcomhlíonadh a f(h)eidhmeanna faoi na Fodhlíthe seo, nó a dhiúltaíonn comhlíonadh le hiarratas óna leithéid de dhuine, ciontach i gcion.

5. Sa chás go bhfuil duine údaraithe den tuairim go bhfuil duine i mbun ciona nó go bhfuil cion déanta aige nó aice i ndáil leis na Fodhlíthe seo, féadfaidh an duine údaraithe ainm agus seoladh a leithéid de dhuine a éileamh agus má dhiúltaítear roimh an iarratas sin nó má thugann an duine ainm nó seoladh atá lochtach nó míthreorach beidh an duine sin ciontach i gcion. Má iarrtar air nó uirthi é a dhéanamh, tabharfaidh duine atá údaraithe faoi na Fodhlíthe seo ar aird fianaise i ndáil lena c(h)eapachán mar dhuine údaraithe chun críche na bhFodhlíthe.

6. Féadfaidh an Chomhairle nó An Garda Síochána cion faoi na Fodhlíthe seo a ionchúiseamh.

VIII. Pionóis

(1) De réir an Acht um Shábháilteacht Mhuirí 2005, beidh duine a sháraíonn foráil de na Fodhlíthe seo i ndáil le hoibriú árthach uisce pearsanta, árthach mearchumhachtaithe nó árthach cumhachtaithe ciontach i gcion agus dlífear fineáil nach mó ná €1,000 a chur air nó uirthi agus é nó í a chiontú go hachomair agus i gcás roinnt cionta fineáil nach mó ná €2,000 a chur air nó uirthi don dara cion nó cion dá éis sin. Tá fineáil de €2,000 nó €5,000 ag dul le cionta eile ar chiontú go hacomhair.

(2) D'fhéadfaí fógra íocaíochta socraithe a sheirbheáil ar dhuine ag sonrú na híocaíochtaí seo a leanas mar rogha ar ionchúiseamh faoin Acht um Shábháilteacht Mhuirí 2005:

i) €150 do shárú ar Alt 6(2), 8(2) 11(3) nó 12
nó
ii) €50 do shárú ar Alt 6(3) nó 4 nó 10(2).

Ní thionscnófaí ionchúiseamh má dhéantar an íocaíocht i rith tréimhse 21 lá ag tosú ar lá an fhógra.

(3). Beidh duine a sháraíonn foráil de na Fodhlíthe seo ach amháin na sáruithe sin a dtagraítear dóibh in VIII (1) nó (2) nó a sháraíonn coinníoll den cheadúnas a bronnadh faoi na Fodhlíthe seo, ciontach i gcion agus dlífear fineáil nach mó ná €1,904.60 agus €126.97 in aghaidh an lae a chur air nó uirthi agus é nó í a chiontú go hachomair i gcion leanúnach.

(4). D'fhéadfaí duine a seirbheáil le fógra íocaíochta socraithe mar rogha ar ionchúiseamh i gcás sarú Fhodhlí, faoin Airteagal VIII (3) roimhe seo, ag tabhairt le fios nach dtionscnófar ionchúiseamh má dhéantar íocaíocht de €75 don Chomhairle i rith na tréimhse 21 lá ag tosú ar dháta an Fhógra. De réir na nAchtanna um Rialú Madraí, is é an fineáil atá ann d'fhógra íocaíochta socraithe ná €30. De réir na nAchtanna um Rialú Capaill, is é an fineáil atá ann d'fhógra íocaíochta socraithe ná €63.49.

IX. Ginearálta

Ní dhéanfaidh aon rud atá i bhforálacha na bhFodhlíthe roimhe seo, ná aon ní a dhéanfaí dá mbarr, dochar ná difear díobhálach do chearta agus do leasa an Stáit san urthrá, nó ní chuirfidh sé cosc ar fheidhmiú aon cheart poiblí air sin, nó ní dhéanfaidh sé dochar nó difear díobhálach d'aon cheart, cumhacht nó pribhléid atá infheidhmithe go dleathach ag aon duine san urthrá, ar an urthrá nó i ndáil leis an urthrá.

SCEIDEAL 1.

Tránna a bhfuil na Fodhlíthe seo i bhfeidhm orthu:-

An trá a bhfuil aithne air mar Thrá na bhForbacha i mbaile fearainn Bhaile na hAbhann
Trá na mBán i mbailte fearainn an Spidéil Thiar agus an Spidéil Láir
An trá ag Céibh Nua an Spidéil i mbaile fearainn Bhothúna Thoir
An trá ag Trá Mhór, siar ó Shráidbhaile an Spidéil i mbaile fearainn Choill Rua
Trá Thrácht, Cinn Mhara i mbaile fearainn Dúrois
An trá ag an gClochán i mbaile fearainn Diméin an Chlocháin
Trá Goirtín, Cloch na Rón i mbailte fearainn Iorrais Bhig agus Iarbhalla
Trá Mhartóg, Cloch na Rón i mbaile fearainn Iorrais Bhig Thiar
Trá an Doilín, an Cheathrú Rua i mbaile fearainn na Ceathrún Rua Theas
An trá ag Cill Mhuirbhigh, Inis Mór i mbaile fearainn Chill Mhuirbhigh
An trá ag Inis Oírr i mbaile fearainn Inis Oírr
An trá ag Bearna i mbaile fearainn Rinn na Mara
Trá Fornaise, Leitir Mealláin i mbaile fearainn Fornaise
Trá Chalaidh Mhaínse, an Aird Mhóir i mbaile fearainn Chalaidh Mhaínse
Trá Iomaidh i mbailte fearainn an Chladaigh Duibh, Paistí, Cartúr Beag agus Sturracín
Trá Ros an Duilisc, an Cloigeann, i mbaile fearainn Ros an Duilisc
Trá an Chloiginn, an Cloigeann i mbaile fearainn Thrian
An Trá Bán, Rinn Mhaoile i mbaile fearainn an Tulaigh Bhig
Trá na mBan, Goirtín, Rinn Mhaoile i mbaile fearainn an Tulaigh Mhóir
Trá Leitir Geis, Rinn Mhaoile i mbaile fearainn Leitir Geis Thiar agus Leitir Geis Thoir
Trá Glas Oileáin, Rinn Mhaoile i mbaile fearainn Ghlas Oileáin

Céibheann/Cuanta a bhfuil feidhm ag na Fodhlíthe seo iontu:-

Bearna
An Pháirc Mhór (Cinn Mhara)
Baile na Cúirte (Mearaí)